



An
Bord
Pleanála

Clár Oibre na hÉisteachta ó Bhéal

ABP-313340-22

Cás	Uasghrádú agus feabhsú ar shaoráidí eispéireas cuartaíochta ag an bPríomhphointe Fionnachtana ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, Ceann Léime, Cill Bheathach, Contae an Chláir.
Dáta	Dé Máirt an 26 Meán Fómhair agus Dé Céadaoin an 27 Meán Fómhair 2023
Am Tosaithe	10.00am gach lá
Láthair	Ar Líne – MS Teams

Is é cuspóir na héisteachta ó bhéal seo ná deis a thabhairt do gach páirtí ar mian leo aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis bhreise a fuair an Bord agus ligean don chigire agus d'éiceolaí an Bhoird soiléiriú a lorg ar shaincheisteanna áirithe a bhaineann leis an Measúnacht Chuí.

Beidh na haighneachtaí agus na ceisteanna uile ó na páirtithe uile teoranta go docht don fhaisnéis bhreise a fuarthas agus do nithe atá ábhartha don Mheasúnacht Chuí.

Ní chuirfear deis ar fáil don iarratasóir, le linn na héisteachta, an cás don fhorbairt fhoriomlán a chur i láthair agus ní bheidh aon cheanglas ginearálta ann chun cur i láthair a dhéanamh. Mar ullmhúchán don éisteacht, féadfaidh ball ainmnithe d'fhoireann an iarratasóra breac-chuntas gearr a thabhairt ar an bhfaisnéis bhreise a cuireadh isteach.

Déanfaidh an Bord breithniú ar na haighneachtaí i scríbhinn go léir atá faighte cheana féin. Beifear ag súil go mbeidh cur amach ag gach páirtí i láthair ar na tuarascálacha atá curtha isteach ag an iarratasóir cheana féin, an fhaisnéis bhreise san áireamh.

Níl aon oibleagáid ar aon pháirtí aighneacht a dhéanamh chuig an éisteacht ó bhéal, ná ceisteanna a chur.

Iarrtar ar an údarás áitiúil, ina aighneacht chuig an éisteacht, aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas atá ábhartha do Mheasúnacht Chuí. Meastar gur fhaisnéis atá na nithe sin atá riachtanach don Bhord chun a Measúnacht Chuí a chur i gcrích.

1. Tionchair ar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta na Sionainne Íochtaráí (Cód Láithreáin: 002165)

Leas cáilitheach: Aillte cósta fásmhara ar chósta an Aigéin Atlantaigh agus Mhuir Bhailt [1230]

Sa Doiciméad Tacaíochta maidir le Cuspóirí Caomhantais Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta na Sionainne Íochtaráí do ghnáthóga cósta, tugtar mionsonraí faoi struchtúr an fhásra, lena n-áirítear criosúchán agus fo-phobail éagsúla a bhaineann le gnáthóg na n-aillte cósta fásmhara arb í an leas cáilitheach í, agus na spriocanna chun an ghnáthóg sin a chaomhnú. Ag Ceann Léime, áirítear sna criosanna taifeadta crios steallta, laftán scáine agus féarthalamh cósta neamh-innilte ar aillte cruá. Is é an sprioc maidir le comhdhéanamh fásra i dtéarmaí criosúcháin ná an ghnáthóg aillte cósta a chaomhnú, chomh maith le hidirchriosanna, lena n-áirítear criosanna pobal talún.

Is é an sprioc maidir le tréithe an chomhdhéanaimh fásra ná a chinntiú go gcaomhnófar flóra tipiciúil aillte cósta fásmhara, chomh maith leis an raon fo-phobal sna criosanna éagsúla.

Ní dhearnadh breithniú ná measúnú ar nascacht na ngnáthóg tacaíochta sin agus an ról atá acu maidir le sláine an léasa cháilithigh a chaomhnú sa Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta, in ainneoin iarratais an Bhoird roimhe seo. Teastaíonn soiléiriú breise ar na gnáthóga sin agus cainníochtú na dtionchar chun measúnú leordhóthanach a dhéanamh ar thionchair na gconairí beartaithe ar shláine an Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta.

2. Tionchair ar Limistéar faoi Chosaint Speisialta Cheann Léime (Cód Láithreáin: 004119)

Leasanna maidir le Caomhnú Speisialta: saidhbhéar [A188] agus foracha [A199]

Ní thugtar faisnéis faoin líon péirí pórúcháin ná faoin gcion éanlaith mhara pórúcháin i dTuarascáil Tástála na Measúnachta Cuí ná sa Ráiteas Tionchair Natura (athbreithnithe), ar faisnéis í a bhaineann go sonrach leis an láithreán. Déantar tagairt sa Mheasúnú ar leithligh ar an Tionchar ar an Éiceachóras don líon éanlaith mhara pórúcháin i suirbhéanna a rinne Inis Environmental Consultants ar an láithreán ach níl na sonraí sin san áireamh in aguisíní na tuarascála sin.

Déantar scagadh i dTuarascáil Tástála na Measúnachta Cuí ar thionchair shuntasacha dhóchúla ar chuspóirí caomhantais speisialta do shaidhbhéir agus d'fhorachain a phóraíonn ar aillte maidir le Limistéar faoi Chosaint Speisialta Cheann Léime le haghaidh chéim oibríochtúil an tionscadail bheartaithe, ach ní thacaíonn faisnéis a bhaineann go sonrach leis an láithreán leis sin. Teastaíonn faisnéis faoin gcion éan pórúcháin gar do shiúlóidí aillte agus pointí breathnóireachta chun a) dóchúlacht maidir le tionchair shuntasacha a fháil amach agus b) chun drochthionchair a chur as an áireamh i gcás ina measann an Bord go bhféadfadh tionchair shuntasacha tarlú in éagmais beart maolaithe.

In éagmais faisnéis a bhaineann leis na nithe thuas, bíodh sin sa Ráiteas Tionchair Natura nó sa tsraith níos leithne doiciméad, níl an Bord in ann a Mheasúnacht Chuí a thabhairt chun críche. Is é príomhchuspóir na héisteachta ó bhéal na nithe thuasluaite a phlé. Éascófar díospóireacht níos leithne faoin Measúnacht Chuí má thagann nithe chun cinn.

Leagtar amach thíos an clár oibre agus an t-ord ina láithreoidh daoine ag an éisteacht ó bhéal, chomh maith le hamchlár.

Pléifear gach ní a bhaineann leis an Measúnacht Chuí agus leis an mBithéagsúlacht san iarnóin.

Maidir le hInrochtaineacht: Tá an Bord Pleanála tiomanta ár seirbhísí a dhéanamh chomh inrochtana agus is féidir do gach duine agus dá bhfreagrachtaí faoin Acht um Míchumas 2005 a fheidhmiú. Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar <https://www.pleanala.ie/en-ie/accessibility>.

Clár Oibre

Tionólfar an éisteacht ar líne ar Microsoft Teams

Lá 1	
Am	Faisnéis Bhreise – ag tosú ar 10.00am
AM 10.00 – 12.00	<ul style="list-style-type: none">• Oscailt na héisteachta ó bhéal
	<ul style="list-style-type: none">• Tabharfaidh ball d'fhoireann an Údaráis Áitiúil forléargas ar an bhfaisnéis bhreise a fuarthas <u>seachas</u> nithe atá ábhartha don Mheasúnacht Chuí agus don bhithéagsúlacht (15 nóiméad)
	<ul style="list-style-type: none">• Ceisteanna faoin bhfaisnéis bhreise – <u>seachas</u> an Mheasúnacht Chuí agus an bhithéagsúlacht
	Measúnacht Chuí – ag tosú ar 14.00 Áireofar aon díospóireacht faoi nithe a thagann chun cinn maidir leis an bhFaisnéis Bhreise faoin mBithéagsúlacht
PM 14.00 ar aghaidh	<ul style="list-style-type: none">• Tabharfaidh an tÚdarás Áitiúil breac-chuntas gearr ar an bhfaisnéis bhreise a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus leis an Measúnacht Chuí.• Tabharfaidh an tÚdarás Áitiúil freagairt ar na nithe arna gcur in iúl ag an mBord sa litir seo a bhaineann le tionchair ar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta na Sionainne Íochtaraí agus ar Limistéar faoi Chosaint Speisialta Cheann Léime (suas le 1 uair an chloig).• Ceisteanna agus plé atá ábhartha d'aighneacht an Údaráis Áitiúil faoin Measúnacht Chuí agus faoin bhfaisnéis bhreise atá ábhartha don bhithéagsúlacht.

Féadfar deireadh a chur leis an éisteacht ar an dara lá agus d'fhéadfadh tuilleadh pointí soiléirithe a bheith ag cigire agus ag éiceolaí an Bhoird an tráth sin.

Féadfaidh na breathnóirí agus an tÚdarás Áitiúil, san ord sin, ráitis dheiridh a dhéanamh, más gá.